# Polasaí do Theagmhais Criticiúla
# Critical Incident Policy

## Scoil na bhForbacha
## 17668G

## Sainmhíniú ar Theagmhais/Eachtra criticiúil

Tugtar Teagmhais/Eachtra criticiúil ar aon theagmhais/eachtra nó sraith gnímh, a threascairíonn le aon meicníocht normálta agus a chuireann isteach ar ríocht na scoile.

## Samplaí den sórt gnímh

- Bás baill de phobal na scoile tré bhás tobann, tré thimpiste, tinneas fad-téarmach nó féin-mharú.
- Timpiste a bhaineann le daltaí nó leis an bhfoireann oibre ar láthair na scoile nó taobh amuigh den scoil.
- Ionsú fisiciúil ar bhaill d'fhoireann na scoile nó ar dhalta na scoile nó bruigh isteach ar an scoile.
- Damáiste tromchúiseach d'fhoirgnimh na scoile mar gheall ar thine, taillte nó loitiméireacht.
- Duine de phobal na scoile imeacht as radharc.
- Timpiste nó tragóid sa bpobal fhairsing.

**Foireann Bainistíochta Teagmhais Chriticúla**

Tá FBTC curtha ar bun againn mar tuigtear dúinn go bhfuil sé sin ag teacht le dea chleachtas. Tá gach ball den fhoireann sin ag glacadh páirt ann dá dheoin féin agus beidh siad páirteach in obair na foirne go ceann bliana. Tiocfaidh baill na foirne le chéile go bliantúil chun an polasaí agus an plean a hathbhreithniú agus a nuashonrú. Tá a fhillteán féin ag gach ball ina bhfuil cóip den pholasaí agus den phlean chomh maith leis na cáipéisí acmhainne agus an t-ábhar uile a bheas ag teastáil i gcás géarchéime.

**Is iad na príomhróil ná:**

- ➢ Ceannaire na foirne
- ➢ Teagmháil leis an nGarda
- ➢ Teagmháil leis an bhfoireann
- ➢ Teagmháil leis na mic léinn
- ➢ Teagmháil le tuismitheoirí
- ➢ Teagmháil leis an bpobal
- ➢ Teagmháil leis na meáin
- ➢ Riarthóir

## Foireann Bhainistithe do Theagmhais Chriticiúla (FBTC)

| Ról | Ainm | Uimhir Fón |
|---|---|---|
| Ceannaire na foirne | Áine Ní Thuathail | 0872040814 |
| Teagmháil leis an nGarda | Áine Ní Thuathail | |
| Teagmháil leis an bhfoireann | Niamh Nic Cárthaigh | 0879419328 |
| Teagmháil leis na mic léinn | Bríd Ní Fhionnaráin | 0872389761 |
| Teagmháil leis na tuismitheoirí | Áine Ní Thuathail/ Niamh Nic Cárthaigh | |
| Teagmháil leis Na Seirbhísí Éigeandála (féach liosta) | Deirdre Ní Anrachtaigh<br>Gráinne Ní Ghriallais | 0876296705<br>0879135242 |
| Teagmháil leis na meáin | Áine Ní Thuathail | |
| Teagmháil leis an bpobal/ príomhoidí eile an cheantair/an bord bainistíochta | Áine Ní Thuathail | |
| Riarachán / rúnaíocht | An Rúnaí | |

1. Bailigh na firicí – Cé? Céard? Cén uair?Cén áit?
2. Déan teagmháil leis na gníomhairí oiriúnacha.
3. Tionóil leis an bhfoireann bainistíochta do Theagmhais Chriticiúila. Eagraigh feitheoireacht na ndaltaí.
4. Cuir an fhoireann ar an eolas (Cruinniú foireann criticiúil ag 9.00) (Cruinniú foireann ag a 9.20)

**Cruinniú an FBTC**

- Aontaigh ar ráiteis fíricí.
- Aithin daltaí ar fhiontar ard.
- Eagraigh am-chlár an lae.
- Coinnigh le gnáth gnáthamh na scoile chomh mór agus is féidir.
- Cuir tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas tré litir a scríobh chucu.
- Cuirfidh an fhoireann na scolairí ar an eolas.
- Déan teagmhail leis an gclann atá faoi bhrón. (Cathaoirleach, Príomhoide, Múinteoirí ranga)
- Eagraigh tacaíocht – Glaoigh ar shíceolaí na scoile.
- Freagair do na meáin - Éisigh ráiteas preasagallamh.
- Céimeanna le leanacht i gcás teagmhais chriticiúil.
- Bailigh eolas chruinn
- Ta sé tábhachtach eolas chruinn a bhailiú faoin timpiste
- Céard a tharla, cén áit agus cén uair?
- Chomh mór atá na gortaithe?
- Ca bhfuil na daoine atá gorthaithe agus na daoine nach bhfuil gortaithe?
- Cé mhéad duine atá páirteach agus cén t-ainm atá orthu?
- An bhfuil baol gortú níos mó ann?
- Cén gníomhachtaí atá cutha ar an eolas cheana féin?
- Tionóil leis an bhfoireann bainistíochta do Theagmhais Chriticiúila.
- **Eagraigh am-chlár an lae** (Tá sé tábhachtacht coinneáil le gnáth gnáthamh na scoile chomh mór agus

is féidir.)

- **Eagraigh cruinniú d'fhoireann na scoile, má tá sé oiriúnach.**
- Eagraigh feitheoireacht na ndaltaí.
- Eagraigh am-chlár an lae.

| Déan teagmháil le gníomhachtaí oiriúnacha<br>**Liosta Teagmhála Éigeandála** | |
|---|---|
| **ÁISÍNEACHT** | **UIMHREACHA TEAGMHÁLA** |
| **GARDA** | **999/112**<br>An Spidéal – **553122**<br>Bóthar na Trá – **521333**<br>Millstreet-**538000** |
| **BRIOGÁID DÓITEÁIN** | 999/112<br>**091570900** |
| **DOCHTÚIRÍ:**<br><br>**Dochtúirí Teaghlaigh Áitiúla**<br><br>**Fiaclóir** | Ionad Leighis-**897715**<br>An Spidéal<br>Bearna – **596510** (Ionad leighis) Dochtúr – **592460**<br><br>An Spidéal **558944**<br>Bearna **596679/596640** |
| **FSS/Foireann Chúraim Phobail/Ionad Teaghlaigh** | An Spidéal 091 **897851** |
| **CIGIRE** | Eilís Magner eilis_magner@education.gov.ie |
| **SÍCEOLAÍ SNOS** | Meadhbh Ní Fhoighil<br>meadhbh_nifhoighil@education.gov.ie |
| **ROE**<br>**Aonad Gaeltachta** | 018896690<br>01 8896408 |
| **INTO** | 01 8047700/1850708708 |
| **SAGART PARÓISTE/CLÉIR** | Ath.Micheál 0868338878<br>Bearna - 590956 |
| **SEIRBHÍS CHABHRACH DON FHOSTAÍ** | 1800 411 057 |
| **NEPS-Gaillimh** | 0761108765 |
| **OSPIDÉAL OLLSCOILE NA GAILLIMHE** | **524222/544544/580580** |

**COINNIGH LE GNÁTH GNÁTHAMH NA SCOILE CHOMH MÓR AGUS IS FÉIDIR**

**Gníomhaíochtaí gearrthéarmacha – Lá 1**

| Tasc | Ainm |
|---|---|
| Faisnéis chruinn a bhailiú:<br>Cé, céard, cathain, cá? | Niamh Nic Cárthaigh |
| FBTC a thionól – sonraigh am agus áit go soiléir | Áine Ní Thuathail |
| Córas maoirseachta do daltaí a shocrú | Bríd Ní Fhionnaráin |
| Cruinniú foirne a thionól | Niamh Nic Cárthaigh |
| Clár ama an lae a shocrú | Deirdre Ní Anrachtaigh |
| An scéal a chur in iúl do na mic léinn – féadfar é a chur in iúl do dhlúthchairde an té atá marbh ar dtús agus socrú ar leith a dhéanamh do dhaltaí áirithe le riachtanais speisialta, e.g., dalta le fadhb éisteachta | Niamh/ /Gráinne |
| Déan liosta de na mic léinn atá soghonta / a d'fhéadfadh bheith i mbaol | Bríd /Deirdre |
| Déan teagmháil le/tabhair cuairt ar theaghlach an té atá marbh | Áine Ní Thuathail/Niamh Nic Cárthaigh |
| Réitigh agus aontaigh ráiteas agus déan plé leis na meáin | Áine Ní Thuathail |
| Cuir in iúl do na tuismitheoirí é | Áine Ní Thuathail/Niamh Nic Cárthaigh |
| Cruinniú foirne roimh dul abhaile chun aon fhaisnéis nua a roinnt leo. | Niamh Nic Cárthaigh |

1. Cuir **tuismitheoirí/caomhneoirí** ar an eolas

Leanaí a bhfuil baint dhíreach acu leis an teagmhas:
Ba choir teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí chomh luath agus is féidir agus ní mór a bheith an-chúramach cén chaoi a dhéileáiltear leis an gcéad teagmháil sin.

Déan liosta de thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil teagmháil déanta leo (tá liosta le fáil sa scoil)
Tabhair eolas ábhartha agus fíriciúil do thuismitheoirí/ chaomhnóirí.
Cuir seomra i leataobh do dhaltaí atá trí chéile chun bualadh lena dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí.
Socraigh go mbeidh tae/caifé/brioscaí ar fail.

Cuir tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí atá leo féin nuair a thagann said chuig an scoil.

Leanaí nach bhfuil baint dhíreach acu leis an teagmhas:

Ba chóir tuismitheoirí leanaí eile na scoile a chur ar an eolas maidir leis an teagmhas agus a chur in iúl dóibh go bhféadfadh a leanbh a bheith trína chéile.

2. Cuir **daltaí** ar an eolas:
    - Tabhair fíricí agus seachain tuairimí. Cuideoidh sé sin le deireadh a chur le ráflaí a chuireann brú gan ghá ar daoine.
    - Lig do dhaltaí ceisteanna a chur, a scéal a insint agus a mothúcháin a chur in iúl.
    - Cuidigh le daltaí a thuiscint go bhfuil mothúcháin fhíorláidre nádúrtha agus gur gnáthmhothúcháin iad in dhiaidh do theagmhas criticiúil tarlú.
    - Déan teagmháil le daltaí atá as láthair.
    - Déan teagmhail leis an gclann atá faoi bhrón. (Cathaoirleach, Príomh oide, Múinteoirí ranga)

Ag déileáil leis na meáin (Príomhoide)
Ullmhaigh ráiteas scríofa ina mbeidh -
- Fíricí maidir leis an teagmhas.
- Céard atá déanta cheana féin.
- Céard a dhéanfar.
- Eolas nó tuairimí dearfacha faoin duine atá básaithe.

Roinnt pointí nach mór cuimhneamh orthu má iarrtar ort agallamh beo a dhéanamh**.**
- Deán comhbhrón leis an chlann.
- Caith roinnt ama chun ullmhúchán a dhéanamh.
- Cuimhnigh go mbeidh taifeadh ar gach rud a deir tú agus, mar sin, coinnigh simplí agus gearr é de réir na bhfíricí.
- Mura bhfuil tú réidh nó má cheapann tú nach bhfuil sé ceart diúltaigh agallamh a thabhairt.

Cuir an fhoireann agus na daltaí ar an eolas agus tabhair comhairle dóibh maidir le déileáil leis na meáin.

- Déan athbhreithniú ar gach rud a tharla sa chéad 24 uair an chloig
- Tabhair le chéile príomhbhaill/ an Fhoireann Bainistíochta do Theaghmhais Chriticúla arís. Socraigh ar shocruithe maidir le cruinnigh tacaíochta do thuismitheoirí/ do dhaltaí/ don fhoireann. Socraigh ar mheicníocht chun aiseolas a fháil ó mhúinteoirí ar dhaltaí leochaileacha.
- Tionóil cruinniú foirne athbhreithnithe don fhoireann ar fad, más gá. Cinnte go bhfuil gach ball den fhoireann coinnithe suas chun data ar gach rud.
- Déan teagmháil le baill foirne atá as láthair.
- Eagraigh cuairt bhaile ó bheirt ionadaithe foirne laistigh de 24 uair an chloig, más cuí. Cuir san áireamh traidisiúin na reiligiún agus na gcreideamh éagsúil.

**Gníomhaíochtaí Meántéarmacha – (Lá 2 agus na laethanta ina dhiaidh)**

| Tasc | Ainm |
|---|---|
| Cruinniú FBTC a thionóil – déan athbhreithniú ar imeachtaí lá 1 | Áine Ní Thuathail |
| Bualadh le háisíneachtaí seachtracha | Niamh Nic Cárthaigh |
| Bualadh leis an bhfoireann iomlán | An Lucht Seachtracha – eg garda, sagart, sicéolaí |
| Tacaíocht a chur ar fáil do na mic léinn, don fhoireann, do na tuismitheoirí de réir riachtanas | An Lucht Seachtracha |
| Cuairt a thabhairt ar an té atá gortaithe | Áine Ní Thuathail agus múinteoir ranga |
| Teagmháil le teaghlach an té ata marbh maidir le socruithe sochraide | Áine Ní Thuathail /Niamh Nic Cárthaigh |
| Aontaigh maidir le bheith i láthair agus rannpháirtíocht sa tseirbhís sochraide | An Foireann Scoile |
| Déan cinntí maidir le dúnadh na scoile | BB |

Eagraigh tacaíocht do dhaltaí aonair, do ghrúpaí daltaí agus do thuismitheoirí, más gá.
Cuir seomra oiriúnach ar fáil
Tionóil cruinniú eolais/tacaíochta do thuismitheoirí/daltaí chun soiléiriú a dhéanamh ar cad atá tarlaithe. Tabhair comhairle dóibh agus cuir ar a suaimhneas iad. Cuir ar an eolas iad maidir le seirbhísí tacaíochta agus cuir bileoga eolais cuí ar fáil. (Féach Cáipéisí Acmhainne i Mir 4)
Aon mhúinteoir nach mbraitheann compordach faoi bheith páirteach i gcruinnnithe tacaíochta, tabhair rogha dó/di gan a bheith páirteach iontu.
I gcomhairle le gníomhaireachtaí seachtracha, eagraigh mionchruinnithe aonair nó grúpa nó cruinnithe tacaíochta le toil tuismitheoirí. Féach Aguisín 4 maidir le litir shamplach do thoiliú tuismitheora.

**Freastal ar agus rannpháirteachas sa tsochraid/tseirbhís chuimhneacháin**.
Déan idirchaidreamh leis an teaghlach maidir le socruithe sochraidh/seirbhís chuimhneacháin.
Ainmnigh ball foirne chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an teaghlach, chun comhbhrón a chur in iúl agus mianta an teaghlaigh ó thaobh rannpháirteachas na scoile sa tsochraid/sa tseirbhís chuimhneacháin a shoiléirú.

Cinn air seo de réir mianta tuismitheoirí agus cinntí bhainistíocht na scoile i gcomhairle le dlúthchairde scoile.

**Dúnadh na Scoile.**
Iarr ar bhainistíocht na scoile agus ar chigire scoile cinneadh a dhéanamh maidir leis seo.

Ainmnigh an duine nó daoine a dhéanfaidh idirchaidreamh leo sin thuas ar a bhfilleadh ar scoil dóibh.
Pleanáil cuairteanna chuige/chucu siúd a gortaíodh.
Ainmnigh príomhdhuine/príomhdhaoine le cuairt a thabhairt ar an teach/ospidéal.

**Gníomhaíochtaí Níos fadtéarmaí –72 uair +**

| Tasc | Ainm |
|---|---|
| Monatóireacht ar dhaltaí agus bheith ar an airdeall le haghaidh comharthaí go bhfuil an dalta á chiapadh nó faoi strus leanúnach | Múinteoirí ranga |
| Teagmháil le háisíneachtaí maidir le tarchuir | Niamh Nic Cárthaigh |
| Plean i gcás dearthaireacha/deirfiúracha an duine a fuair bás atá le filleadh ar scoil | Bríd Ní Fhionnaráin/múinteoirí ranga |
| Plean chun 'bosca cuimhneacháin' a thabhairt don teaghlach | Deirdre/Gráinne /múinteoirí ranga |
| Cinneadh faoi chuimhneacháin agus comóradh míosa / bliana | BB/Foireann agus Tuismitheoirí |
| Athbhreithniú ar cé mar a freagraíodh don ghéarchéim agus an plean a leasú dá réir fhreagairt don teagmhas agus an plean a leasú | Foireann/BB |

## GNÍOMHARTHA NÍOS FADTÉARMAÍ

Déan monatóireacht ar dhaltaí chun comharthaí coscartha leanúnaí a aithine.

D'fhéadfadh go mba ghá daoine a tharchur chuig an mBord Sláinte.
(Féach Cáipéis Acmhainne 4.5 do na *Frithghníomhartha in aghaidh Teagmhas Criticiúil)*

Mar shampla, má léirionn dalta iad seo a leanas thar tréimhse fada ama, d'fhéadfadh go bhfuil cabhair uaidh/uaithi ón mBord Sláinte:

Iompar nach dual dá c(h)arachtar
Dul ar gcúl ó thaobh cúrsaí acadúla de
Comharthaí fisiciúla – m.sh., meáchan a chailleadh nó a chur suas, easpa airde ar conas mar a bhreathnaíonn sé/sí tuirse, míshuaimhneas
Frithghníomhartha mothúchánacha mí-oiriúnacha. Méadú ar neamhláithreacht.

Déan meastóireacht ar mar a freagraíodh don teagmhas agus leasaigh an Plean Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla mar is cuí
Cad iad na gnéithe ar éirigh go maith leo? Cá háit a raibh bearnaí?
Cad a mhó/ba lú a chuidigh?
An bhfuil na tarchuir riachtanacha ar fad déanta chuig na seirbhisí tacaíochta? An bhfuil aon chuid den chúran atá fághta gan chriochnú**?**

Cuir an Plean Bainistíochta do Theagmhais chriticiúla ar bhonn foirmiúil don todhchaí

**Téigh i gcomhairle le do shíceolaí NEPS agus/nó le Foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla do Bhord Sláinte áitiúil maidir leis seo.**

Cuir baill foirne nua/daltaí scoile nua a raibh tionchar ag teagmhais chriticiúla orthu ar an eolas más cui.

Cinntigh go bhfuil baill foirne nua ar an eolas maidir le polasaí agus nósanna imeachta na scoile sa réimhse seo.
Cinntigh go bhfuil said ar an eolas maidir le cé hiad na daltaí a raibh tionchar ag teagmhas orthu le déanaí agus cén bealach.
Má bhíonn daltaí aonair nó rang daltaí a raibh tionchar ag teagmhas orthu ag aistriú chuig scoil nua bheadh sé úsdáideach Príomhoide na scoile nua a chur ar an eolas.

Cinn ar bhealaí oiriúnacha chun déileáil le cothrom lae an teagmhais (bí tuisceanach maidir le laethanta agus imeachtaí speisialta)
D'fhéadfadh cothrom lae an teagmhais mothúcháin a mhúscailt i ndaltaí/i mbaill foirne agus d'fhéadfadh go mbeadh bris tacaíochta de dhith orthu ag an tráth seo.
Cásaigh an cothrom lae leis an teaghlach agus bíodh idirchaidreamh ann maidir le haon chomóradh a bheiad beartaithe.
Bí tuisceanach maidir le laethanta tábhachtacha mar laethanta breithe, an Nollaig, Lá na Máithreacha, Lá na nAithreacha.

## CEISTEANNA COITIANTA

Príomhoide Scoile

**Céard é an chéad rud a dhéanfaidh mé tar éis dom scéala faoin teagmhas nó bas a chloisteáil?**

Más ón teaghlach féin a tháinig an scéala, cuir do chomhbhrón in iúl agus faigh amach an oiread fírici agus is féidir – ar bhealach tuisceanach. Más ó fhoinse eile a tháinig sé, cinntigh go bhfuil sé fíor, faigh amach na fíricí, an líona daoine atá gortaithe srl. Oibrigh amach cé atá le teangmháil a dhéanamh leis na gaoil is gaire. D'fhéadfadh go mbeadh an ról sin glachta ag na Gardaí cheana féin.

**Cé leis a dhéanfaidh mé teagmháil chun cúnamh a fháil?**

Má bhíonn an scoil dúnta (deireadh seachtaine, laethanta saoire) dean teagmháil le baill na Foirne Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla chun cruinniú a shocrú. Déan teagmháil leis an mBord Bainistíochta agus/nó gníomhaireachtaí seachtracha, m.sh., NEPS/An Bord Sláinte. Má bhíonn scrúduithe poiblí ar siúl dean teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit (0902 442 700) chomh luath agus is féidir chun Bainisteoir Measúnachta agus Scrúduithe na scoile a chur ar an eolas.

**Céard ba cheart dom a dhéanamh an chéad mhaidin ar ais ar scoil?**

Tionóil cruinniú den Fhoireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla, má tá a leithéid ag an scoil. Muna bhfuil, tionóil cruinniú Bord Bainistíochta agus Bainistíochta Sinsearaí na scoile.

**Céard ba cheart a bheith ar chlár an chruinnithe sin?**

Ráiteas de na firicí mar is eol duit iad.
Dealagáideacht na ndualgas.
Ullmhúchán an eolais a bheidh le tabhairt ag an gcruinniú foirne. Ullmhúchán an eolais a bheidh le tabhairt do dhaltaí.
Ullmhúchán litreach chuig tuismitheoirí.

**Cén chaoi a láimhseálfaidh mé na glaonna teileafóin ar fad?**

Tasc strusmhar a bheith ann déileáil leis na glaonna teifeafóin.

Ainmnigh duine nó beirt a bheadh oiriúnach chun glaonna a ghlacadh. Ba chóir go mbeadh ráiteas comhaontaithe de na fíricí ar fáil dóibh siúd a bheidh i mbun an teileafóin.

**Cén chaoi a choinneoidh mé an fhoireann suas chun data maidir le heolas?**

Is seomra an-tábhachtach é an seomra foirne don fhoireann ar lá mar seo. D'fhéadfaí mionchruinnithe neamhfhoirmiúla a eagrú le linn sosanna.

**Cén chaoi a eagróidh mé é go mbeidh rannpháirteachas na scoile sa tsochraid/searmanas reiligiúnda ag teacht le mianta na dtuismitheoirí?**

Is é séiplíneach na scoile an príomhnasc sa chás seo.
Cinntigh go gcomhlíontar mianta na dtuismitheoirí agus go socraitear leo roimh ré aon rannpháirteachas ó dhaltaí nó ó chairde.

**Cén chaoi a láimhseálfaidh mé baill foirne nach mian leo a bheith rannpháirteach?**

Bheifeá ag súil go bhfreastalódh gach ball foirne ar chruinnithe a thionóltar chun eolas a roinnt. Ba choir é a dhéanamh soiléir don fhoireann ag na cruinnithe seo, áfach, go bhfuil sé go hiomlán inghlactha mura mian leo a bheith páirteach in obair thacaíochta. Bí san airdeall go mb'fhéidir go mbeadh roinnt den fhoireann leochaileach ag an tráth seo agus bí ag faire amach dóibh.

**Cén chaoi a láimhseálfaidh mé na meáin?**

Ainmnigh duine amháin oiriúnach chun déileáil leis na meáin.
Ullmhaigh ráiteas scríofa.
Abair gur tráth deacair é do phobail na scoile
Ba choir béim a chur ar céard atá á dhéanamh chun tacú leis an bhfoireann agus le daltaí.

**Tugann 'Media Guidelines on the portrayal of suicide (1999)**
**https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/An-tSeirbh%C3%ADs-N%C3%A1isi%C3%BAnta-S%C3%ADceola%C3%ADochta-Oideachais-NEPS-/freagairt- do-theagmhais-chriticiula.pdf**

Le fios gur féidir leis na meáin cabhrú le cosc a chur ar 'fhéinmharuithe aithrise' trí: gan sonraí sainiúla ar an bhféinmharú a bhabhairt, m.sh., an áit agus an modh a úsáideadh; gan téarmaí spleodracha a úsáid chun an scéal a dhéanamh meallacach; gan cúiseanna an fhéinmharaithe a lua, rud a d'fhéadfadh féinmharú a chur chun cinn go hindíreach mar rogha. Ba chóir don scoil cloí leis na treoirlínte sin in aon chumarsáid leis na meáin.

**Ceadaigh rochtain theoranta agus rialaithe do na meáin trí sheomra preasa a chur ar fáil. Is féidir leis an Aonad Cumarsáide sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus i gCoimisiún na Scrúduithe Stait cuidiú, más cuí.**

**Céard ba chóir dom a rá leis an bhfoireann/na daltaí faoin teagmhas agus cén uair?**

Tabhair na fíricí fóibh mar ata said ar eolas agat. Seo é an bealach is

fearr chun deireadh a chur le ráflaí agus fantaisíocht. Ba choir é a dhéanamh chomh luath agus is féidir chun cosc a chur ar dhaltaí/bhaill foirne an scéala a chloisteáil ó fhoinsí eile a d'fhéadfadh a bheith neamhoiriúnach in amanna.

**Céard a dhéanfaidh mé má mhothaím trí chéile agus go mbíonn deacrachtaí agam labhairt?**
Tá sé tábhachtach a thabhairt le fios do dhaltaí go bhfuil sé Nádúrtha agus inghlactha a bheith trí chéile agus caoineadh a dhéanamh. Is fearr mothúcháin a roinnt leo ná a choinneáil faoi cheilt: mar sin, ná bíodh imní ort má bhíonn tú trí chéile. Ba choir duit tacaíocht a lorg duit féin agus glacadh léi agus tú leis an eachtra dheacair seo.

**Céard atá le déanamh má tá an chosúlacht ar roinnt daltaí nach bhfuil siad faoi lean/ ?**
Ná ceap nach bhfuil duine faoi léan mura bhfuil said ag taispeáint na gcomharthaí follasacha. Bíonn a b(h)ealach féin ag gach duine nuair a bhíonn sé/sí faoi léan.Tá sé tábhachtach go mbeadh meas ar na bealaí difriúla seo atá ag gach duine agus go bhféachtaí orthu mar bhealaí normálta.

**Cén fhad a mhairfidh an brón?**
Níl aon fhreagra cinnte air sin. Téann gach duine chun cinn ina (h)am féin agus bíonn éagsúlachtaí móra ag baint leis.

**<u>TUISMITHEOIRÍ</u>**

**Tá an teagmhas criticiúil a tharla sa scoil ag cur isteach ar m'iníon/mo mhac. Toisc go bhfuil go leor ráflaí ag dul thart, ba mhaith liom a fháil amach cad go díreach a thárla. Cén chaoi gur féidir liom an t-eolas sin a fháil?**
Gheobhaidh tú litir ón bPríomhoide a phléifidh leis na cúrsaí sin. Bailíodh an t-eolas atá intí go cúramach agus tá sé bunaithe ar fhiricí. D'fhéadfadh an litir freisin cur síos ar phleananna na scoile chun tú a choinneáil ar an eolas díreach i ndiaidh an teagmhais.

**An mbeidh cúnamh ar fáil do na daltaí sa scoil?**
Braitheann sé sin ar an gcás ar leith. Seo a leanas roinnt de na rudaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

- Tá an scéal ag tabhairt faoi fhreagairt don teagmhas tríd an Foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla a chur i mbun ghnímh.
- Tá teagmháil déanta le gníomhaireachtaí seachtracha éagsúla agus beith cúnamh ar fáil ó….

**Conas is féidir liom cúnamh a thabhairt do mo leanbh?**
Is tusa taca nádúrtha do linbh. D'fhéadfadh go mbeadh sé/sí ag iarraidh roinnt mothúchán agus smaointe a phlé leat. Is féidir leat cúnamh a thabhairt trí éisteacht go cúramach, agus athrá a dhéanamh ar an rud atá said ag rá leat ionas go mbeidh a fhios acu go bhfuil tú ag éisteacht. Ba choir duit a rá leo go bhfuil sé ceart go leor a bheith ag mothú mar a mhothaíonn siadsan agus mar a chéile an fhreagairt a bhíonn ag gach duine do chúrsaí mar seo, agus gur cheart dóibh labhairt faoi seachas é a choinneáil acu féin.

**Ó tharla an teagmhas bíonn deacrachtaí ag mo leanbh codladh, bíonn tinneas cinn air/uirthi srl. An féidir liom a bheith cinnte go mbaineann sé sin leis an teagmhas?**
Is féidr le brón goillúint ar dhuine go fisiciúil chomh maith le go mothúchánach agus d'fhéadfadh na comharthaí seo chomh maith le comharthaí eile a bheith mar chuid den bhealach a bhfuil sé/sí ag déileáil le lean. Má leanann said ar aghaidh, téigh i gcomhairle le dochtúir.

**Cé chomh fada is a mhairfidh comharthaí an léin?**
Níl aon fhreagra tapa air sin. Ní mar a chéile a bhíonn sé ag daoine éagsúla agus i chúinsí éagsúla. Beidh tionchar freisin ag cé chomh gar is a bhí an leanbh don teagmhas nó don duine a bhásaigh.

**Má bhíonn mo leanbh fós go mór trí chéile i ndiaidh tamaill, cad ba cheart dom a dhéanamh?**
Má bhíonn do leanabh fós céasta i ndiaidh sé seachtaine nó mar sin, teastaíonn tacaíocht bhreise uaidh/uaithi ach níl aon riail dhaingean ann faoi cé chomh fada is a ghlacann próiseas an léin. Is fearr cúnamh breise a fháil ó do Dhochtúir Teaghlaigh/Bhord Sláinte.

**Cé na bealaí a bhfuil ógánaigh difriúil ó leanaí eile?**
Le linn na ndéaga bíonn mearbhall mothúchán ar dhaoine óga fúthu féin agus faoin saol mórthimpeall orthu. Cuireann léan leis na mothúcháin seo agus cuireann sé leis an mearbhall. Ag an tráth seo, freisin, d'fhéadfadh claonadh a bheith sa duine óg dul i dtreo a bpiaraí agus tarraingt siar ón teaghlach agus, mar sin, ná ceap gur ag diúltú duit atá said más ó chairde a lorgaíonn said tacaíocht agus sólas. Bí ar fáil agus abair é sin leo.

## MÚINTEOIRÍ

**Ba mhaith liom gan a bheith rannpháirteach in obair thacaíochta ar chúiseanna pearsanta. An bhfuil sé sin ceart go leor?**
De bharr gur gá do dhaltaí a bheith in éineacht le daoine a bhfuil aithne acu orthu agus a bhfuil a muinín acu astu, tá sé faighte amach gurb iad a múinteoirí na daoine is fearr chun tacaíocht a thabhairt dóibh ar scoil le linn tráthanna cruacháis. Dá réir sin, moltar do mhúinteoirí agus do bhaill foirne eile na scoile go léir cúnamh a thabhairt do dhaltaí tráthanna mar seo. Níor cheart go mbeadh sé de dhualgas ar aon duine an obair sin a dhéanamh, áfach, agus be chóir go n-aireodh daoine gur féidir leo gan é a dhéanamh mura mian leo. Ba ghá duit a bheith i láthair ag cruinnithe foirne nuair a dhéantar eolas a scaipeadh maidir leis an teagmhas chun go mbeifeá ar an eolas faoi chad atá ag tarlú.

**Níl aon cháilíochtaí agam sa réimse seo. Nár cheart an obair a fhágáil faoi na saineolaithe?**
Is dócha go bhful níos mó scileannea agat sa réimhse seo ná mar a thuigeann tú. Tá do thaithí, d'inniúlacht agus do scileanna mar mhúinteoir agus mar shaineolaí ag plé le leanaí ríluachmhar. Níos tábhachtaí fós, tá aithne ag na daltaí ort. Léirionn taithí gur fearrde an té atá faoi lean a bheith i dtannta duine éigin a bhfuil aithne acu orthu. Teastaíonn timpeallacht shábháilte ó dhaltaí chun go mbeidh said in ann déileáil le lean agus is minic gur daoine, mar mhúinteoirí, abhfuil aithne acu orhtu is fearr chun an timpeallacht iontaofa sin a thabhairt dóibh.

**Céard ba chóir dom a dhéanamh sa seomra ranga a chuideodh?**

Ba chóir duit aitheantas a thabhairt don rud atá i ndiaidh tarlú agus na fíricí a thabhairt mar atá said ar eolas.

Tá macántacht riachtanach. Spreag ceisteanna ionas go mbeidh tuiscint shoiléir ag na daltaí. Ba choir filleadh ag ghnáthchúrsaí laethúla chomh luath agus is féidir – ach dean iarracht cothromaíocht a bheith idir seo agus deis a bheith ag daltaí plé a dhéanamh ar an teagmhas agus a smaointe agus a mothúcháin a chur in iúl.

Mol dóibh filleadh ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim agus cuidigh leo a fháil amach faoi na háiteanna ar féidir leo tacaíocht a fhail. Mol dóibh tacaíocht a thabhairt dá chéile.

**Céard iad na comharthaí léin a bheadh le tabhairt faoi deara ar dhaltaí?**

I ndiaidh méala d'fhéadfadh dalta tarraingt siar ar fad ó chúrsaí nó éirí ionsaitheach, d'fhéadfaidís fearg, luascadh mothachtála nó easpa díriú intinne a léiriú. Déan iarracht na hathruithe seo a láimhseáil go foighneach, ná léirigh iontas dá mbarr agus ná héirigh crosta. (Féach Aguisín 4). Má bhaineann cliseadh teaghlaigh, tinneas tromchúiseach, deacrachtaí de bharr alcóil nó drugaí le cúlra an dalta ní mór duit faire amach dóibh.

**Céard iad na scileanna atá agam atá tábhachtach?**

Is dócha gurb iad scileanna éisteachta na scileanna is tábhachtaí mar go mothaíonn daoine a bhfuil cailliúint nó tráma fulaingthe acu go gcuidíonn sé leo déileáil lena gcuid mothúchán labhairt fúthu. Nuair is léir gur mian le dalta labhairt faoi chúrsaí déan iarracht am a thabhairt dóibh. Bíodh foighne agat leo agus spreag iad go réidh chun labhairt faoin gcailliúint.

**An bhfuil aon rud amháin tábhachtach ar cheart dom a rá?**

Tá - cuir béim air gur próiseas nádúrtha sláintiúil é an léan tar éis teagmhais chriticiúil. Is é bealach an duine é le déileáil leis an eachtra. Níl sé cosúil le dúlagar, atá mínádúrtha. Is minic a bhíonn sé riachtanach daoine a chur ar a suimhneas mar seo toisc go mbíonn said trí chéile.

**Céard a dhéanfaidh mé má cheapaim nach bhfuil daltaí ag léiriú léan mar ba cheart?**

Níl a leithéid de bhealach ann agus an 'bealach ceart' agus léiriú léan. Caoineann roinnt daoine, déanann daoine eile gáire, ní léiríonn daoine eile aon ní. An rud is tábhachtaí ná go bhfuil na bealaí éagsúla sin ar fad nádúrtha agus nomálta agus ba choir duit iarracht a dhéanamh cuidiú leis an dalta é a thuiscint.

**An smaoineamh maith é seisiún ranga a eagrú i ndiaidh go theagmhas criticiúil tarlú?**

Rinne roinnt scoileanna é seo agus fuair said amach go mba bealach an-éifeachtach é. Buntáiste amháin atá anseo ná go mothaíonn daltaí sábhailte lena múinteoir ranga seachas a bheith in éineacht le duine fásta nach bhfuil aon aithne acu air/uirthi.

Céard ba chóir dom a dhéanmh má mhothaim go dteastaíonn cabhair níos gairmiúla ó dhalta?

Pléigh an scéal leis an bPríomhoide nó leis an Treoirchomhairleoir. B'fhéidir go mba mhian leosan é a phlé leis an síceolaí NEPS agus leis na tuismitheoirí. Mar thoradh air sin d'fhéadfadh go ndéanfadh an dochtúir teaghaligh an dalta a tharchur chuig seirbhís oiriúnach.

**Céard é bunús na teachtaireachta agus tú ag cuidiú le leanaí faoi mhéala?**

Tiocfaidh tú as an tréimhse dheacair seo agus táimid anseo chun cuidiú leat má theastaíonn tacaíocht uait. Tabhair aire duit féin agus breathnaigí amach dá chéile. Labhair linn má theastaíonn cúnamh uait féin nó ó chara leat.

**Cén uair ba cheart dom filleadh ar ghnáthchúrsaí ranga?**
Tá sé tábhachtach dóthain ama agus spáis a thabhairt do dhaltaí chun a mothúcháin a roinnt agus glacadh leis an rud a tharla. Mar sin féin, tá sé tábhachtach, freisin, bogadh i dtreo gnáthchúrsaí laethúla chomh luath agis is féidir. Is cuidiú é chun strus a laghdú filleadh ar ghnáthphatrún rialta shaol na scoile. Déan iarracht gan ábhar nua a thabhairt isteach díreach i ndiaidh an teagmhais nó an mhéala mar go gcuireann léan agus coscairt isteach ar chumas díriú intinne ais inspreagadh na ndaltaí. Is smaoineamh maith, go minic, ceist a chur ar na daltaí féin maidir le filleadh ar ghnáthchúrsaí laethúla.

**Céard ba chóir dom a dhéanamh maidir leis an gcathaoir Fholamh/earraí pearsanta an dalta, srl?**
Straitéis a d'fhéadfadh cuidiú ná na daltaí a bheith rannpháirteach i bplé faoi céard ba chóir a dhéanamh leis an gcathaoir. D'fhéadfadh sé sin deis a thabhairt bogadh chuig céim nua den phróiseas.

Maidir le hearraí pearsanta, d'fhéadfadh sé cuidiú fillteán d'obair an dalta a chur le chéile dá t(h)uismitheoirí. D'fhéadfaí é sin a thabhairt dóibh ag am oiriúnach.

**An bhfuil baol ann má labhráitear ar fhéinmharú, go bhfuil sé á léiriú mar rogha do dhaoine eile?**
Cuidíonn sé le daoine ciall a bhaint as an rud a tharla má labhraítear ar an mbás. Bíonn daoine in ann déileáil leis an bhfírinne. Tá sé tábhachtach labhairt ar cén chaoi gur féidir le duine teacht chuig pointe nuair a cheapann sé gur rogha é féinmharú ach is gá a áiteamh go láidir nach rogha maith é. Bíonn cúnamh ar fáil i gconaí ma tá duine in ann dul ina threo.

**Athbhreithniú**
Déanadh athbhreithniú ar an bPolasaí seo sa gcéad téarma den scoilbhliain 2024 . Deimhnithe ag bord bainistíochta na scoile i mí na Samhna, 2024.

**Sínithe :**

________________________________

Cathaoirleach an Bhoird
Bainistíochta

________________________________
Príomhoide

Dáta: _______________